



FOLÚNTAIS DO MHÍ MHEÁN FÓMHAIR 2018

Gaelcholáiste Dhoire

Caisleán Dhún Geimhin, Dún Geimhin, Co Dhoire

Is meánscoil lán-Ghaeilge nuabhunaithe é Gaelcholáiste Dhoire atá ar tí an ceathrú hiontógáil daltaí a ghlacadh isteach i Meán Fómhair 2018. Tá múinteoir sinsearach agus triúr múinteoirí á lorg ag Gaelcholáiste Dhoire le bheith mar chuid d'fhoireann dhiograiseach, dhinimiciúil agus spreagúil.

Múinteoir Sinsearach (Lánaimseartha) Ceapachán bliana, le féidearthacht go ndéanfaí buan é, 3 phointe bainistíochta (bheadh Gaelcholáiste Dhoire toilteanach seo a phlé bunaithe ar thuarastal reatha an iarratasóra)

Critéir riachtanacha:

- Cailithe mar mhúinteoir agus cláraithe le Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart na hÉireann (GTCNI) faoin am a dtosófaí sa phost
- Ardchaighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa
- In ann, trí cháilíocht nó trí thaithí chuí, dhá ábhar ar a laghad a theagasc ag Eochairchéim 4
- Taithí ar bhainistíocht an churaclaim nó an tréadchúraim ar leibhéal uile-scoile

Critéir inmhianaithe:

- Taithí ar ábhar a theagasc ag EC5
- Taithí ag teagasc i scoil tumoideachais
- Taithí ag déanamh soláthair do shainriachtanais oideachais
- Cailíocht iarchéime san oideachas - PQH, Máistreacht nó a mhacasamhail

Bheadh Bord Gobharnóirí Ghaelcholáiste Dhoire sásta socrú a dhéanamh le múinteoir a ghlacadh ar thréimhse iasachta.

1. Múinteoir Lánaimseartha (Trí phost) Ceapacháin bliana, le féidearthacht go ndéanfaí buan iad.

Critéir riachtanacha:

- Cailithe mar mhúinteoir agus cláraithe le Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart na hÉireann (GTCNI) faoin am a dtosófaí sa phost
- Ardchaighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa
- In ann, trí cháilíocht nó trí thaithí chuí, dhá ábhar ar a laghad a theagasc ag Eochairchéim 4

Critéir inmhianaithe:

- Ábhar amháin ar a laghad, trí cháilíocht nó trí thaithí chuí, a theagasc ag EC5
- Taithí ag teagasc i scoil tumoideachais
- Taithí ag déanamh soláthair do shainriachtanais oideachais
- Bheith in ann cur le himeachtaí seach-churaclaim na scoile

D'fháilteodh Gaelcholáiste Dhoire roimh iarratais phostroinnte/pháirtaimseartha do na poist mhúinteoireachta thuas fosta.

Déanfar measúnú ar chumas Gaeilge scríofa agus labhartha an iarrthóra le linn an phróisis earcaíochta.

Beidh sé de cheart ag an phaineál ceapacháin na critéir inmhianaithe a chur i bhfeidhm nó iad a bhreisiú chun an gearrliostú a éascú.

Cé gur conradh bliana atá sna poist thuas, coinníonn Bord Gobharnóirí Ghaelcholáiste Dhoire de cheart acu féin conradh buan a bhronnadh ar iarratasóir ag brath ar an taithí agus ar na cáilíochtaí atá aige/aici.

Déanfar múinteoirí a cheapadh bunaithe ar riachtanais ábhair na scoile.

D'fháilteodh Gaelcholáiste Dhoire go háirithe roimh iarratasóirí ar féidir leo na hábhair seo a leanas a theagasc: Béarla, Ceol, Ealaín, Eacnamaíocht Bhaile agus Teicneolaíocht.

Tá poist a bhaineann le hobair in institiúidí oideachasúla faoi réir fhorálacha an Ordaithe um Chosaint Páistí agus Daoine Fásta Leochaileacha (TÉ) 2007.

Is féidir na critéir, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hoifig na scoile: info@gcd.doire.ni.sch.uk nó 028 777 41015

Dáta deiridh le haghaidh iarratais: **14:00 Dé Máirt 10 Aibreán 2018**

NÍ GHLACFAR LE HARRATAIS MHALLA

Agallaimh:

Múinteoir Sinsearach: 17 Aibreán 2018

Múinteoirí: 24 Aibreán 2018

